Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6902/21**

**COAFR 63**
**CFSP/PESC 239**
**COHAFA 18**
**COHOM 53**
**DEVGEN 45**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Márta 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Aetóip<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 11 Márta) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aetóip, arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 11 Márta 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aetóip**

1. Is comhpháirtí straitéiseach ag an Aontas Eorpach í an Aetóip i gCorn na hAfraice agus sa réigiún máguaird agus is gníomhaí iltaobhach tábhachtach í freisin. Is mór ag an Aontas an dlúthchomhar agus an t-idirphlé atá ar bun le fada le Rialtas na hAetóipe maidir le raon leathan saincheisteanna.

2. Mar chuid den idirphlé sin, is díol sásaimh don Aontas an chuairt a thug Aire Gnóthaí Eachtracha na Fionlainne, Pekka Haavisto, thar ceann an Ardionadaí, ar an Aetóip agus ar an tSúdáin an 7-10 Feabhra 2021, áit ar bhuail sé le húdaráis de chuid na hAetóipe, na Súdáine agus an Aontais Afracaigh, chomh maith le geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta.

3. Sa lá atá inniu ann, tá staid intíre chasta san Aetóip agus impleachtaí móra aici don réigiún mórthimpeall. Leis an bpróiseas athchóirithe leanúnach atá ar siúl san Aetóip agus lenar tharla ann le déanaí, nochtar an neamhchinnteacht agus na teannais atá faoin dromchla ann. Leis an gcoinbhleacht armtha i réigiún Tigray, arna spreagadh ag an ionsaí ar bhunáiteanna míleata, tá curtha anois leis an teannas i gCorn na hAfraice. A thoradh sin géarchéim dhaonnúil thromchúiseach. Measann an tAontas gur den tábhacht teacht ar an tátal seo thíos agus a athdhearbhú freisin go bhfuil sé réidh i gcónaí leanúint de bheith ag cur lenár gcaidreamh seanbhunaithe.

**Maidir leis an staid in Tigray**

4. Tá an choinbhleacht ina hábhar mór buartha don Aontas i gcónaí. Tá cuid mhór de dhaonra Tigray, lena n-áirítear iad siúd atá easáitithe laistigh den réigiún, fós fágtha gan bunseirbhísí ná bunchumarsáid, agus gan aon teacht acu ar chúnamh daonnúil ó thús na géarchéime. I réigiún inar práinneach na riachtanais agus inar gann na hacmhainní cheana féin, go háirithe sna ceantair thuaithe, tá an cás ag éirí níos criticiúla.

5. Tá an tAontas ag áitiú ar na páirtithe uile deireadh a chur láithreach leis an bhforéigean, agus an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus an Dlí Idirnáisiúnta maidir le Dídeanaithe a urramú. Ní mór rochtain dhaonnúil iomlán thapa gan bhac a áirithiú ar gach duine atá i ngátar i ngach limistéar. Ní mór prionsabail dhaonnúla na neamhchlaontachta, na neodrachta agus an neamhspleáchais a ráthú ar mhaithe le freagairt dhaonnúil uas-scálaithe. Tá an tAontas ag iarraidh go ndéanfaí daoine atá easáitithe ina dtír féin agus dídeanaithe a chosaint agus é á mheabhrú aige nach mór prionsabal idirnáisiúnta an 'non-refoulement' a urramú.

6. Aithníonn an tAontas an obair atá déanta ag Rialtas na hAetóipe chun aghaidh a thabhairt ar chuid de riachtanais an daonra, ach cuireann sé i bhfios go láidir nach mór cur leis na hiarrachtaí sin. Tá gá le comhar iomlán leis na Náisiúin Aontaithe agus leis na heagraíochtaí daonnúla uile ar an bhfód.

7. Is díol sásaimh don Aontas gur fhógair Rialtas na hAetóipe go bhfuil rochtain agus soghluaisteacht gan bhac ag gníomhaireachtaí daonnúla bunaithe ar chóras simplí fógartha agus iarrann sé go gcuirfí chun feidhme go hiomlán an córas sin láithreach bonn. Ní mór dlús a chur leis na nósanna imeachta chun cabhair dhaonnúil agus trealamh cumarsáide a allmhairiú.

8. Ní mór seirbhísí bunúsacha, lena n-áirítear seirbhísí uisce, sláintíochta, sláinte, oideachais, teileachumarsáide agus baincéireachta, a athbhunú go tapa agus go hiomlán. Ba cheart go mbeadh sibhialtaigh, lena n-áirítear daoine easáitithe ina dtír féin agus dídeanaithe, in ann gluaiseacht go sábháilte agus gan bhac. Aithníonn an tAontas an dul chun cinn atá déanta maidir le rochtain do chuid de na meáin agus d'eagraíochtaí áirithe de chuid na sochaí sibhialta, ach is den ríthábhacht i gcónaí go dtabharfaí rochtain dóibh uile, go n-áiritheofaí cosaint dóibh agus go mbeadh rochtain gan bhac acu ar gach limistéar de Tigray.

9. Tá an-imní ar an Aontas i gcónaí faoin iliomad fianaise agus tuarascálacha lena dtugtar bunús le líomhaintí go bhfuil gníomhaithe iomadúla rannpháirteach ann agus go bhféadfadh sé go bhfuil coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, maruithe seachbhreithiúnacha, ollbhásuithe, foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear éigniú, filleadh éigeantach dídeanaithe, sáruithe agus mí-úsáidí eile ar chearta an duine, creachadh maoine, scriosadh bonneagair agus láithreacha reiligiúnacha ag tarlú ann. Ní mór deireadh a chur leis na gníomhartha sin láithreach.

10. Tugann an tAontas dá aire freisin na tuairiscí maidir le foréigean spriocdhírithe eitneach, fuathchaint agus idirdhealú, in Tigray agus in áiteanna eile nach é san Aetóip. Leis an bpatrún contúirteach seo, d'fhéadfadh méadú teacht ar an bhforéigean ar fud na tíre agus d'fhéadfaí an bonn a bhaint de na deiseanna síochána agus athmhuintearais.

11. Is díol sásaimh don Aontas na gealltanais a thug údaráis na hAetóipe lucht déanta na gcoireanna a thabhairt os comhair na gcúirteanna agus glacadh le cúnamh teicniúil idirnáisiúnta chun tabhairt faoi na himscrúduithe. Coinneoidh an tAontas súil ghéar ar an dul chun cinn i ndáil leis sin ós rud é nach mór imscrúdú neamhchlaonta a dhéanamh i ndáil le gach líomhain maidir le sáruithe ar chearta an duine agus ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus nach mór an chuntasacht a áirithiú. Tacaíonn an tAontas freisin leis an obair thábhachtach atá á déanamh ag Coimisiún na hAetóipe um Chearta an Duine (EHRC) lena gcuirtear doiciméadacht mhionsonraithe ar fáil, chomh maith le moltaí le haghaidh gníomhaíochta, agus tá sé réidh chun tacú le hiarrachtaí náisiúnta breise. Is díol sásaimh don Aontas mar chéad chéim an fógra ó Rialtas na hAetóipe tascfhórsa a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar fhoréigean gnéasach agus ar fhoréigean inscnebhunaithe. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí.

12. Molann an tAontas go ndéanfaí an faireachán atá ar siúl ag EHRC ar an bhfód a leathnú chuig an réigiún ina iomláine. Ba cheart rochtain iomlán ar an réigiún a thabhairt d'fhoireann Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine.

13. Molann an tAontas Eorpach don Aontas Afracach leanúint dá chaidreamh polaitiúil le Rialtas na hAetóipe chun go gcuirfear deireadh leis an gcogaíocht, go n-áiritheofar rochtain dhaonnúil ar gach cuid de Tigray, agus go dtiocfar ar réiteach polaitiúil ar an gcoinbhleacht.

14. Is mian leis an Aontas leanúint den idirphlé cuiditheach le Rialtas na hAetóipe maidir leis na saincheisteanna sin. Tá sé réidh chun tacú le haon ghníomhaíocht atá dírithe ar an teannas a mhaolú agus fóirithint a thabhairt dóibh siúd atá i ngátar.

**Maidir le saincheisteanna réigiúnacha gaolmhara**

15. Is cúis mhór imní na himpleachtaí réigiúnacha a ghabhann leis an staid i réigiún Tigray na hAetóipe, chomh maith leis an mbaol atá ann go leathfaidh an staid sin i réigiún atá íogair cheana féin. Ní mór aon ghéarú míleata breise agus éagobhsaíocht fhadtéarmach san Aetóip agus sa réigiún máguaird a sheachaint.

16. In éineacht leis an bpobal idirnáisiúnta, tá an tAontas Eorpach ag iarraidh go dtarraingeofaí siar láithreach trúpaí na hEiritré toisc gur measaide an staid iad a bheith ann, mar a thuairiscigh an iliomad foinsí. Is cúis mhór imní don Aontas freisin líomhaintí go ndearna trúpaí na hEiritré gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna cogaidh agus ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna. Iarrann an tAontas go ndéanfaí imscrúduithe críochnúla agus neamhspleácha ina leith, agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar a dtarlóidh amach anseo i ndáil leis sin.

17. Is ábhar imní don Aontas freisin an méadú ar an teannas ag an teorainn idir an Aetóip agus an tSúdáin, agus iarrann sé go ndéanfaí gach dícheall an staid sin a mhaolú, muinín a athchothú agus teacht ar réiteach síochánta caibidlithe. Molann an tAontas don dá pháirtí an t-idirphlé eatarthu a atosú a luaithe is féidir agus tá sé faoi réir chun tacú le gach iarracht pholaitiúil ar theacht ar réiteach inbhuanaithe.

18. Molann an tAontas freisin don Aetóip, don tSúdáin agus don Éigipt dul i mbun caibidlíochta arís maidir le Damba Mhór-Athbheochan na hAetóipe chun réiteach buan a aimsiú a bheidh chun tairbhe dóibh uile. Ba bhreathnóir ar an gcaibidlíocht é an tAontas, agus tá sé fós faoi réir le breis tacaíochta a thabhairt chun an próiseas seo a thabhairt ar aghaidh mar is iomchuí leis na páirtithe uile.

19. Molann an tAontas do rialtas na hAetóipe feabhas a chur ar an gcomhar idir é féin agus an tAontas Afracach, an tÚdarás Idir-rialtasach Forbartha, agus na comhpháirtithe réigiúnacha chun cinntí síochánta comhbheartaithe a dhéanamh chun cobhsaíocht an réigiúin ar fad a chaomhnú.

**Maidir leis an aistriú san Aetóip**

20. Tá an Aetóip ag gabháil trí phróiseas daonlathach forleathan agus athchóirithe tábhachtacha polaitiúla á gcur chun feidhme aici. Tugann an tAontas dá aire an fógra maidir le holltoghcháin an 5 Meitheamh 2021 agus is díol sásaimh dó an gealltanas a thug rialtas na hAetóipe toghcháin inchreidte, thrédhearcacha a reáchtáil. Tá an tAontas faoi réir chun leanúint de thacaíocht a thabhairt don phróiseas sin agus gabhann sé a bhuíochas le rialtas na hAetóipe as an gcuireadh chun breathnóireacht a dhéanamh ar na toghcháin.

21. Mar chomhpháirtí tiomanta, iarrann an tAontas ar rialtas na hAetóipe toghcháin chuimsitheacha a áirithiú, ionas go mbeidh páirtithe polaitiúla in ann páirt a ghlacadh gan bhac agus ar bhonn comhionann, ionadaíocht agus rannpháirtíocht na mban a fheabhsú, teacht le chéile síochánta a cheadú agus saoirse an phreasa agus sábháilteacht iriseoirí a áirithiú. Tá sé tábhachtach freisin ar mhaithe le próiseas daonlathach agus leis an smacht reachta go gcuirfí comhaltaí de chuid páirtithe polaitiúla, atá ar a gcoinneáil, ar a dtriall go cóir, trédhearcach, pras.

22. Molann an tAontas go gcuirfí tús an athuair le hiarrachtaí chun idirphlé náisiúnta uileghabhálach, cuimsitheach agus trédhearcach a fhorbairt idir na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear mná, an óige, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, páirtithe polaitiúla agus údaráis réigiúnacha. I gcomhthéacs na dtoghchán agus a leanfaidh iad, d'fhéadfadh tuilleadh ullmhúchán le haghaidh idirphlé náisiúnta a bheith ina bheart tábhachtach chun muinín a chothú.

23. Léiríonn an tacaíocht éagsúil agus láidir atá tugtha ag an Aontas don Aetóip le blianta fada anois go bhfuil an tAontas go daingean ina rannpháirtíocht agus cé chomh tábhachtach atá an chomhpháirtíocht dó. Tá an tAontas ag tacú faoi láthair le haistriú na hAetóipe, agus ba mhaith leis leanúint de. Tá sé ar a dhícheall ag iarraidh go leanfaí den idirphlé, faoi chuimsiú na Rannpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas agus an Aetóip, ar cuireadh tús léi in 2016, agus na bpléití leanúnacha le comhpháirtithe san Aetóip maidir le comhar sa todhchaí. Tá an tAontas faoi réir le tacaíocht a thabhairt do mhuintir na hAetóipe, rannchuidiú le hiarrachtaí na tíre leanúint d'athchóirithe criticiúla eacnamaíocha agus polaitiúla a chur chun feidhme, tuilleadh den fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn, agus trádáil agus infheistíocht inbhuanaithe a chothú. Tá an tAontas toilteanach an chomhpháirtíocht sin a neartú a thuilleadh ar bhonn na húinéireachta agus na freagrachta comhpháirtí.

24. Leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar chreat straitéiseach an Aontais le haghaidh Chorn na hAfraice, féachfar le tosaíochtaí comhpháirteacha a mholadh chomh maith leis an idirphlé polaitiúil agus an rannpháirtíocht chomhchoiteann leis an réigiún ina iomláine a neartú.